



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

EOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

Déardaoin, 14 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 11.30

TREORACHA

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa bhosca atá ann di ar an leathanach seo.
2. Freagair **gach** ceist.
3. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo.
Má tá spás breise uait, tá leathanach breise curtha ar fáil ar chál an leabhráin seo.
4. Tá cead agat úsáid a bhaint as an leabhrán, Foirmí agus Táblaí, atá ceadaithe lena úsáid sna Scrúduithe Stáit. Tá cóip ar fáil ón bhfeitheoir scrúdaithe.

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

Don scrúdaitheoir amháin	
Roinn/Ceist	Marc
Bitheolaíocht	
C.1 (52)	
C.2 (39)	
C.3 (39)	
Ceimic	
C.4 (52)	
C.5 (39)	
C.6 (39)	
Fisic	
C.7 (52)	
C.8 (39)	
C.9 (39)	
Iomlán (Páipéar) (390)	
Bónas don Ghaeilge	
Móriomlán (Páipéar) (390)	
Obair Chúrsa A (60)	
Obair Chúrsa B (150)	
Móriomlán (600)	

Bitheolaíocht

Ceist 1

(52)

- (a) Sa léaráid taispeántar planda bláthanna.

Ainmnigh codanna an phlanda lipéadaithe A agus B.

Ainm A _____

Ainm B _____



- (b) Is féidir ainmhithe a rangú mar **veirteabraigh** agus **inveirteabraigh**.

Is ainmhithe iad **veirteabraigh**

a bhfuil _____ acu.

Sa tábla scríobh an litir V taobh thíos
den sampla de **veirteabhrach**.

seilide	luch

- (c) Tá **tréithe coitianta** ag gach orgánach beo e.g. riospráid.

Tabhair dhá **thréith eile** atá ag orgánaigh bheo.


1 _____

2 _____

- (d) Sa léaráid taispeántar cuid de chnámharlach an duine.

Ainmnigh na cnámha lipéadaithe A sa
léaráid.

Tabhair **feidhm** amháin atá ag an
gcnámharlach i gcorp an duine.



Don
scrúdaitheoir
amháin

(1)

(2)

- (e) Is féidir le tréithe an duine **teacht ó oidhreacht** nó **gan teacht ó oidhreacht**.

Roghnaigh focal nó focail ón tabla chun na ráitis seo a leanas a chomhlánú.

Tá tréithe **ó oidhreacht** á rialú ag

_____.

Sampla de thréith **ó oidhreacht** is ea

_____.

Hormóin
Géinte
Dath na súile
Cumas tiomána

- (f) Tá **fuil** mar chuid den chóras imshruthaithe.

Agus an focal ceart á úsáid *nó* na focail chearta á n-úsáid agat ón liosta ar dheis, comhlánaigh na ráitis seo a leanas.

Is é a thugtar ar an **gcuid leachtach** den fhuil ná _____.

Plasma
Fuilchealla dearga
Fuilchealla bána
Pláitíní

Iompraíonn _____ gás ocsaigine tríd an gcorp.

- (g) Is é is **riospráid** ann ná an scaoileadh fuinnimh as bia díleáite e.g. glúcós.

Agus na focail ón liosta ar dheis á n-úsáid agat, comhlánaigh an chothromóid i bhfoirm focal thíos.

Uisce
Ocsaigin

Glúcós + _____ → **Fuinneamh + Dé-ocsáid charbón + _____.**

- (h) Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi **ghiniúint an duine**.

Is é a thugtar ar **chomhtháthú** (ceangal) na huibhe leis an speirm ná

_____.

Tá a lán **modhanna frithghiniúna** ann. Ainmnigh modh amháin.

Ainm _____

Leanann an **timthriall míosta** thart ar _____ lá.

$(7 \times 6 + 1 \times 10)$

Don
scrúdaitheoir
amháin

(1) (2)

Ceist 2

- (a) Sa léaráid taispeántar micreascóp. Scrúdaigh an léaráid agus freagair na ceisteanna thíos.

(39)

(18)

Don
scrúdaitheoir
amháin

(1) (2)

	Lampa	
	Géag	
	Súilphíosa	
	Roth fócais	
	Bonn	
	Formhéadú	
	Fócasú	
	Sampla a choimeád	

- (i) Sa tábla:

Scríobh an litir **A** in aice le **hainm** na coda lipéadaithe **A**.

Scríobh an litir **B** in aice le **hainm** na coda lipéadaithe **B**.

Scríobh an litir **C** in aice le **hainm** na coda lipéadaithe **C**.


Scríobh an litir **D** in aice le **feidhm** na coda lipéadaithe **D**.

- (ii) **Ainmnigh** an chuid den mhicreascóp a gcuirfeá an sleamhnán uirthi chun féachaint air.

Ainm _____

(b) Sa léaráid taispeántar cill phlanda.

(15)



Don
scrúdaitheoir
amháin

(1)

(2)

(i) Ainmnigh an chuid den chill lipéadaithe **A** sa léaráid.

Ainm _____

(ii) Ainmnigh an chuid den chill lipéadaithe **B** sa léaráid.

Ainm _____


(iii) Ainmnigh cuid **amháin** a fhaightear i gcill phlanda agus nach mbeifeá ag súil lena fheiceáil i gcill ainmhí.

Ainm _____

(iv) Uaireanta cuirtear ruaim iaidín le píosa de chraiceann oinniúin nuair atá sleamhnán de chealla planda á ullmhú.

Cén fáth a n-úsáidtear an t-iaidín?

(c)



Ainmnigh an **táirgeoir** sa bhiashlabhra a thaispeántar thusa. _____ (3)

Tabhair sampla **amháin** d'iomaíocht idir ainmhithe sa ghnáthóg

a ndearna tú staidéar uirthi. _____ (3)

Sampla _____

Ceist 3

(39)

- (a) Tá cúig **bhall céadfach** ag daoine. Agus an focal ceart ón liosta ar dheis á úsáid agat, i ngach cás, comhlánaigh an tábla thíos chun go ndéantar céadfaí agus orgáin a mheatseáil.

Tá péire amháin líonta isteach mar shampla duit (radharc agus súile). (12)

Céadfa	Radharc	Cloisteáil		Teaghmáil	
Orgán	Súile		Srón		Teanga


Boladh
Craiceann
Cluasa
Blas

- (b) Sa leáráid taispeántar **súil an duine**.

Freagair na ceisteanna seo a leanas faoin tsúil. (12)

Ainmnigh na codanna lipéadaithe
A agus B sa leáráid.

A _____
B _____



Cén **fheidhm** atá ag an gcuid lipéadaithe C sa leáráid?

Ainmnigh an **chuid daite** den tsúil a rialaíonn an méid solais a théann isteach sa tsúil.

Ainm _____

Don scrúdaitheoir amháin

(1) (2)

- (c) Tá acláiocht agus scíth go maith do shláinte an duine. Bíonn tionchar ag acláiocht ar na rátaí cuisle.

Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi acláiocht agus faoi rátaí cuisle.

(6)

Don
scrúdaitheoir
amháin

(1) (2)

Cad é an **meánrátá cuisle** ag duine fásta agus é ar a scíth?

_____ buille sa nóiméad (bsn).

Roghnaigh frása ón liosta ar dheis chun
an ráiteas thíos a chomhlánú i gceart.

Méadaíonn sé


Laghdaíonn sé

An tionchar a bhíonn ag an **acláiocht** ar ráta cuisle an duine

ná go _____ é.

- (d) Sa léaráid taispeántar **croí an duine**. Scrúdaigh an léaráid agus freagair
na ceisteanna thíos.

(9)



Roghnaigh ón liosta ar dheis an t-ainm atá
ar an seoimrín lipeádaithe A sa léaráid.

Méadailín
Aitriam

Ainm _____

Cén fáth a bhfuil an balla ar **thaobh clé** an chroí níos **tibhe** ná an **taobh deas**?

In Éirinn sa lá inniu, is fadhb mhór é an **galar croí**. Luaigh slí **amháin** inar
féidir galar croí a chosc.

Ceimic

Ceist 4

(52)

Don
scrúdaitheoir
amháin

(1)

(2)

- (a) Is **neamh-mhiotail** iad cuid de na dúile.

Sa tábla scríobh an litir N in aice le hainmneacha de **dhá neamh-mhiotal**.

	Copar
	Nítrigin
	Sulfar
	Maignéisiam

- (b) Is comhdhúil é **uisce** ina bhfuil **dhá dhúil**.

Ainmnigh an dá dhúil seo.



1 _____

2 _____

- (c) Roghnaigh **dúil** ón liosta ar dheis a dtuaslagann a comhdhúile in uisce agus arb í is cúis le cruas in uisce.

Dúil _____

Sóidiam
Cailciam
Potaismam

Cén chaoi ar féidir cruas a bhaint as uisce?

- (d) Nuair a imoibríonn aigéad hidreaclórach (**HCl**) agus hiodrocsaíd sóidiam (**NaOH**) in imoibriú neodraithe, déantar salann agus substaint amháin eile.

Ainmnigh an salann a dhéantar.

Salann _____

Ainmnigh an substaint eile a dhéantar.


Substaint _____



- (e) Thaifead mac léinn gur **tuaslagadh 30 g de shalann i 100 cm³ d'uisce ag 40 °C**. Agus focal ón liosta ar dheis á úsáid agat, comhlánaigh an ráiteas seo a leanas faoi thuaslagthacht.

Ag 80 °C _____
tuaslagthacht an tsalainn.

**Mhéadódh
Laghdódh**



Don
scrúdaitheoir
amháin
(1) (2)

- (f) Is meascán de gháis é aer.

Sa tábla scríobh an litir **G** in aice le hainmneacha de **dhá ghás** atá i láthair in **aer neamhthruaillithe**.

	Ocsaigin
	Aonocsaíd charbóin
	Dé-ocsaíd charbóin
	Dé-ocsaíd sulfair

- (g) Roghnaigh na focail chearta ón liosta ar dheis, i ngach cás, chun na ráitis faoi nascadh a chomhlánú.

I nascadh **ianach** bíonn aomadh idir _____ dheimhneacha agus dhiúltacha.

I nascadh **comhfhiúsach** bíonn comhroinnt péirí _____.


**Prótóin
Iain
Leictreoin
Neodróin**

- (h) Sa léaráid taispeántar an leagan amach atá ar ghaireas atá oiriúnach le haghaidh **gás dé-ocsaíd charbóin** a ullmhú i saotharlann scoile.

Ainmnigh substaint oiriúnach don **leacht X** agus don **solad Y** ar féidir dé-ocsaíd charbóin a dhéanamh astu.

Leacht X _____

Solad Y _____



Úsáidtear **aoluisce** chun tástáil a dhéanamh do láithreacht gás dé-ocsaíd charbóin. Cad a tharlaíonn d'aoluisce nuair a dhéantar gás dé-ocsaíd charbóin a bhoilgearnú tríd?

(7 × 6 + 1 × 10)

Ceist 5

(39)

Don
scrúdaitheoir
amháin

- (a) Is féidir substaintí a rangú mar seo:
- dúile**
- ,
- comhdhúile**
- agus
- meascáin**
- . (9)

(1) (2)

Sa tábla scríobh an litir C in aice le hainm **comhdhúile**.

Scríobh an litir **M** in aice le hainm **meascáin**.

Scríobh an litir **E** in aice le hainm **dúile**.

	Dúch
	Dé-ocsaíd charbón
	Iarann

- (b) Sa léaráid taispeántar teicníocht deighilte a úsáidtear sa tsaotharlann chun meascán d'
- uisce agus de ruaim thuaslagtha**
- a dheighilt.

Scrúdaigh an léaráid. Comhlánaigh an tábla i gceart agus na lipéid **A – D** sa léaráid á **meaitseáil** leis na focail sa tábla. (18)

	Teirmiméadar
	Fleascán cruinntónach
	Seastán tríchosach
	Bunsen
	Comhdhlúthadán
	Eascara

Ainmnigh an teicníocht deighilte a thaispeántar sa léaráid.

Ainm _____

Cé acu cuid lipéadaithe a mbeifeá ag súil leis **an gcuid is mó den ruaim** a fháil inti ag deireadh an turgnaimh?

- (c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar conas a dhéanfá **meascán de ghaineamh agus d'uisce a dheighilt**. (12)

D'fhéadfadh na ceannteidil thíos cabhrú leat.

Trealamh: _____

**Don
scrúdaitheoir
amháin**

(1) | (2)

Modh oibre:

Toradh: _____

Léaráid lipéadaithe

Ceist 6

(39)

- (a) Is foinsí hidreacarbóin iad **breoslaí iontaise** agus is féidir iad a dhó in aer. (12)

Liostaigh dhá shampla de bhreoslaí iontaise.

1 _____

2 _____


Ainmnigh an dá tháirge a dhéantar nuair a dhóitear breoslaí iontaise.

1 _____

2 _____


- (b) Baintear mórán úsáidí as **plaisígh** i ndomhan an lae inniu.

Agus an focal ceart ón liosta ar dheis á úsáid agat, críochnaigh an ráiteas thíos faoi phlaistigh.



(6)

Déantar formhór na bплаистеак as _____.



Tá formhór na bплаистеак **do-bhithmhillte**. Cad is brí le do-bhithmhillte?

Do-bhithmhillte _____

- (c) Tá **cailciam** ina bhall de na dúile i n**Grúpa II** sa Tábla Peiriadach.


- (i) Cén t-**ainm** a thugtar ar na dúile i nGrúpa II? (3)

Miotail _____

- (ii) Sa leáráid taispeántar **miotal since agus é a ag imoibriú le haigéad hidreaclórach, HCl**. Scaoiltear boilgeoga gáis. Freagair na ceisteanna seo a leanas faoin imoibriú seo. (9)

Ainmnigh an gás a scaoiltear. _____

Tabhair an **tástáil** don ghás seo. _____



Don
scrúdaitheoir
amháin


(1) (2)

- (d) Sa léaráid taispeántar gaireas a bhí leagtha amach ag mac léinn chun fiosrú a dhéanamh ar **mheirgiú tairní iarainn**. Cuireadh tairní sna promhadáin, mar a thaispeántar.

Tar éis roinnt laethanta bhí screamh de mheirg ar na tairní i bpromhadán A amháin.

Freagair na ceisteanna seo a leanas faoi mheirgiú.

(9)



Ainmnigh **dhá choinníoll** atá riachtanach chun go dtarlódh meirgiú iarainn.

1 _____

2 _____

Ainmnigh modh amháin is féidir a úsáid chun **cosc a chur** le meirgiú iarainn.

Fisic

Ceist 7

(52)

- (a) Sa tábla scríobh an litir **F** in aice leis an teocht ag a **reonn uisce**.

Sa tábla scríobh an litir **B** in aice leis an teocht ag a **bhfiuchann uisce**.

	37 °C
	0 °C
	100 °C

- (b) Sa phictiúr taispeántar roinnt tintे ealaíne.

Nuair a scaoiltear tine ealaíne i bhfad uainn, cé acu a bhraitear **ar dtús, fuaim** an phléasctha **nó** bladhm an **tsolais** daite ón tine ealaíne?




Cé acu? _____

Tabhair **cúis** le do fheregra.

- (c) Faigh an **t-achar** ag an gcruth dronuilleogach a thaispeántar.

Achar _____


Tabhair an **t-aonad** a úsáidtear chun an **t-achar** a thomhas.



Aonad _____

- (d) Bíonn foinsí fuinnimh **inathnuaithe** nó **neamh-inathnuaithe**.

Cad is brí le fuinneamh **inathnuaithe**?



Sa tábla scríobh an litir **R** taobh thíos den sampla d'fhoinse fuinnimh **inathnuaithe**.

Don scrúdaitheoir amháin


(1)

(2)

(1) (2)

- (e) Tugann mac léinn **Pol Theas** maighnéid in aice le **Pol Theas** maighnéid atá ar crochadh gan bhac.

Cad a tharlaíonn don mhaighnéad atá ar crochadh gan bhac?



Ainmnigh miotal a n-aomann maighnéad é.

Ainm _____

- (f) Sa léaráid taispeántar tóirse atá luchtaithe ag ceallra.

Comhlánaigh an dá phríomhthiontú fuinnimh a tharlaíonn nuair a bhíonn an tóirse á úsáid.



1 Fuinneamh _____ **go dtí** fuinneamh leictreach.

2 Fuinneamh leictreach **go dtí** fuinneamh _____.

- (g) Sa phictiúr taispeántar píosa trealaímh a úsáidtear sa tsaotharlann le haghaidh rudaí a thomhas.

Ainmnigh an píosa trealaímh a thaispeántar.

Ainm _____

Cad a dhéantar a **thomhas** leis?



- (h) Comhlánaigh an chothromóid sa bhosca thíos agus na focal ón liosta ar dheis á n-úsáid agat.

Brú = _____

Achar
Fórsa

An bhfuil an brú atmaisféarach ag barr Sliabh Everest **níos airde** nó **níos ísle** ná an brú ag a bhun?

Ainmnigh an gléas a úsáidtear chun brú a thomhas.

Gléas _____

(7 x 6+1 x 10)

Ceist 8

(39)

Don
scrúdaitheoir
amháin

- (a) Sa léaráid taispeántar plocóid agus a clúdach bainte. Scrúdaigh an léaráid agus freagair na ceisteanna a leanann.


(1)

(2)

Cé acu sreang lipéadaithe **A**, **B** nó **C**

an tsreang thalmhaithe? _____

Cén fáth a bhfuil gach ceann de na sreanga **A**, **B** agus **C** clúdaithe le plaisteach?



Ainmnigh an tsreang ar chóir an fiús a bheith ceangailte di.

Ainm na sreinge _____

- (b) **Comhlánaigh** na ráitis seo a leanas agus an focal ceart ón liosta ar dheis á úsáid agat i ngach cás. (6)

Is é a thugtar ar an sruth a shreabhann as **ceallra** ná
sruth _____.

Ailtéarnach


Díreach

Is é a thugtar ar an sruth a thagann go tithe as an
soláthar príomhlíonra ná sruth _____.

- (c) Leag mac léinn amach ciorcad leictreach simplí, mar a thaispeántar. (12)

Ainmnigh na codanna den chiorcad lipéadaithe **A** agus **B**.

A _____



B _____

Ansin tugadh píosa **adhmaid** agus píosa de **mhiotal copair** don mhac léinn.

Cé acu píosa, copar nó adhmad, is cóir a cheangal idir **X** agus **Y** chun go lasfaidh an bolgán sa chiorcad nuair a dhúnfar **B**? _____

Tabhair cúis le do fhreagra.

Cúis _____

- (d) Rinne mac léinn fiosrú faoin ngaol idir sruth atá ag sreabhadh trí fhriotóir sreinge agus an voltas trasna air.


Don
scrúdaitheoir
amháin

(1)	(2)
-----	-----

Sa tábla thíos tugtar na sonraí a bailíodh.

Sruth (A)	0	0.2	0.4	0.6	0.8	1.0
Voltas (V)	0	1	2	3	4	5

Ansin bhain an mac léinn úsáid as na sonraí seo chun graf den voltas (y -ais) in aghaidh srutha (x -ais) a tharraingt, mar a thaispeántar sa ghreille thíos.



- (i) Bain úsáid as an ngraf chun an **sruth** ag **2.5 V** a mheas. _____ (3)

- (ii) **Ainmnigh** an gléas a úsáideann an mac léinn chun voltas a thomhas. _____ (3)

Gléas _____

- (iii) Cad é an gaol idir voltas agus sruth san fhiosrú seo?

(6)

Ceist 9


(39)

- (a) Rinne mac léinn fiosrú chun a thaispeáint go bhfuil solas bán comhdhéanta de dhathanna difriúla. Cuireadh ga de sholas bán trí phriosma, mar a thaispeántar thíos.

(6)

Don scrúdaitheoir amháin

(1) (2)


Ainmnigh na dathannalipéadaithe **A** agus **B** sa bhanda dathanna a dhéantar.**Dath A** _____**Dath B** _____

- (b) Ansin rinne mac léinn turgnamh eile ar sholas, mar a thaispeántar sa léaráid.

Freagair na ceisteanna thíos. (6)

Cad a d'fheicfeadh an mac léinn dá ndéanfaí an cárta sa lár a bhogadh go dtí an taobh?


Cad a deir an turgnamh seo linn faoi sholas?



- (c) Líon mac léinn fleascán lán d'uisce daite, mar a thaispeántar.

Rinne an mac léinn an fleascán a théamh go réidh le triomadóir gruaige.

Freagair na ceisteanna seo a leanas. (9)

Cad é a mbeifeá ag súil lena thabhairt faoi deara dá ndéanfaí an fleascán a **théamh** go réidh?Cén fáth a n-úsáidtear **uisce daite** sa turgnamh seo?



Tá gléas tomhais, a úsáidtear sa tsaotharlann, bunaithe ar iompar seo na leachtanna.

Ainmnigh an gléas seo. _____

- (d) Rinneadh fiosrú faoin ngaol a bhí idir síneadh lingeáin agus an fórsa a feidhmíodh air.

Taispeántar sa tábla thíos na sonraí a bailíodh. (18)

Fórsa (N)	0	2	4	6	8
Síneadh (cm)	0	4	8	12	16




- (i) Agus an ghreille thus á húsáid agat, bain úsáid as na sonraí sa tábla chun graf de **Síneadh** (*y*-ais) in aghaidh **Fórsa** (*x*-ais) a tharraingt.
- (ii) Bain úsáid as an ngraf chun an fórsa a thagann as síneadh 14 cm den lingeán a mheas.

Fórsa _____ N

- (iii) Ainmnigh an gléas a thaispeántar ar dheis, ar féidir é a úsáid chun fórsa a thomhas.

Ainm _____



Don scrúdaitheoir amháin
(1) (2)

SPÁS D'OBAIR BHREISE

Taispeán go soiléir uimhir na (g)ceiste(anna), agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

**Don
scrúdaitheoir
amháin**

(1)

(2)